C/2025/1260

20.2.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11905 — PSPIB / DIGITALBRIDGE / SKYLINE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/1260)

1. An 6 Feabhra 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Public Sector Pension Investment Board ('PSPIB', Ceanada),

— DigitalBridge Group, Inc. ('DigitalBridge', na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh PSPIB agus DigitalBridge rialú comhpháirteach ar Skyline GP, LLC ('Skyline', Oileáin Cayman), atá faoi rialú aonair DigitalBridge faoi láthair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin conartha nó aon mhodh eile.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é PSPIB bainisteoir infheistíochta pinsin na bpleananna pinsin atá ag Seirbhís Phoiblí Fheidearálach Cheanada, Arm Cheanada, Póilíní Capall Ríoga Cheanada agus an Fórsa Cúltaca. Bainistíonn sé punann domhanda éagsúlaithe lena n-áirítear stoic, bannaí agus urrúis ioncaim sheasta eile, mar aon le hinfheistíochta i gcothromas príobháideach, réadmhaoin, bonneagar, acmhainní nádúrtha agus infheistíochtaí creidmheasa.

— Is gnólacht infheistíochta bonneagair dhigitigh é DigitalBridge atá liostaithe ar Stocmhalartán Nua-Eabhrac.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais Skyline: forbairt bonneagair ionad sonraí ar fud réigiún an Aigéin Chiúin agus na hAise, agus infheistíocht sa bhonneagar sin. Níl aon ghníomhaíocht ar bun aige sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE).

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11905 — PSPIB / DIGITALBRIDGE / SKYLINE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË